



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa

Meithleacha

Téarmaí tagartha

[Iarscríbhinn a ghabhann leis an bpáipéar coincheapa maidir leis an Eagraíocht Iomlánach]

I.

A. I gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa (an Chomhdháil), mhol Comhchathaoirligh Bhord Feidhmiúcháin na Comhdhála do Sheisiún Iomlánach na Comhdhála go mbunófaí naoi Meitheal théamacha (féach liosta molta na Meithleacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bpáipéar coincheapa seo). An 19 Meitheamh, chuir na Comhchathaoirligh an togra maidir le heagrú na Meithleacha téamacha faoi bhráid an tSeisiúin Iomlánaigh, a thacaigh leis an togra sin.

B. Ainmneoidh Comhchathaoirligh Bhord Feidhmiúcháin na Comhdhála Cathaoirleach gach Meithle (2 Parlaimint na hEorpa, 2 an Chomhairle, 2 an Coimisiún, 2 Parlaimintí náisiúnta, 1 Fóram Eorpach na nÓg). Déanfar liosta na Meithleacha, a gCathaoirligh agus a gComhaltaí a fhoilsiú ar an Ardán Digiteach Ilteangach.

II.

Cuirfidh Comhchathaoirligh Bhord Feidhmiúcháin na Comhdhála bailchríoch ar bhallaíocht na nGrúpaí Oibre bunaithe ar thogra ó chodanna de Sheisiún Iomlánach na Comhdhála¹ agus suas le trí rogha a bheidh curtha in iúl ag na Comhaltaí á gcur i gcuntas bunaithe ar na téarmaí seo a leanas:

¹ Mar a shainmhínítear i Rialacha Nósanna Imeachta na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

- J) Ní bheidh gach Comhalta de Sheisiún Iomlánach na Comhdhála in ann páirt a ghlacadh ach in aon Mheitheal amháin²;
- J) Beidh 40 Feisire ar a laghad ag gach Meitheal agus ba cheart na cionmhaireachtaí idir na comhpháirteanna éagsúla sa Seisiún Iomlánach a léiriú i ngach Meitheal³. Ba cheart d'ionadaithe ó na Painéil Saoránach Eorpach páirt a ghlacadh i Meithleacha a bhíonn ag déileáil leis na hábhair chéanna ar dhéileáil a bPainéil leo.⁴

III.

A. Tabharfaidh na Meithleacha ionchur chun na díospóireachtaí agus na tograí ó Sheisiún Iomlánach na Comhdhála a ullmhú, laistigh de pharaiméadair an Dearbhaithe Chomhpháirtigh agus na Rialacha Nós Imeachta.

Déanfaidh siad amhlaidh trí phlé a dhéanamh ar na moltaí ó na Painéil Saoránach náisiúnta agus Eorpach faoi seach chomh maith leis an ionchur maidir leis an Ardán Digiteach Ilteangach a bhaineann le hábhair na Meithle a bailíodh faoi chuimsiú na Comhdhála.

B. Oibreoidh na Meithleacha ar bhonn comhthola mar a shainítear i bhfonóta 7 d'Airteagal 17 de Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála.

C. Déanfaidh an Cathaoirleach agus an t-urlabhraí, a roghnófar as measc ionadaithe na bPainéal Saoránach Eorpach laistigh den Mheitheal, cur i láthair faoi thoradh na Meithle a thabhairt don Seisiún Iomlánach.

² Beidh Comhaltaí den Choimisiún Eorpach rannpháirteach sna Meithleacha ina ndéanfaidh siad ar ábhair atá ábhartha dá gcúraimí, mar a fhoráiltear in Airteagal 16 de Rialacha Nós Imeachta na Comhdhála.

³ Mar léiriú air sin, chiallódh sé sin an méid seo a leanas: 12 do Pharlaimint na hEorpa agus do na Parlaimintí náisiúnta, 6 don Chomhairle, 3 d'ionadaithe ó na Painéil Náisiúnta Saoránach nó ó imeachtaí, 2 faoi seach do Choiste na Réigiún agus don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, 1 nó 2 do na Comhpháirtithe Sóisialta, 1 don tsochaí shibhialta, agus 1 do chomhaltaí tofa na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, chomh maith le hionadaithe ó na Painéil Saoránach Eorpach (féach an fonóta ina dhiaidh seo).

⁴ Ciallaíonn sé sin, go praiticiúil, gur cheart go mbeadh 6 nó 7 Ionadaí ag na Meithleacha a dhéileálann le “Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta, poist”, “Oideachas, óige, cultúr, spórt”, agus “Claochlú digiteach” ó Phainéil Saoránach Eorpach, agus ba cheart go mbeadh 10 n-ionadaí ag na Meithleacha eile go léir.

D. Cuideoidh an Chomhrúnaíocht le Cathaoirleach na Meithle.

IV.

A. Tionólfaidh Cathaoirleach na Meithle cruinnithe le linn na dtréimhsí ama a leagtar amach mar chuid de chlár oibre sheisiún iomlánach na Comhdhála.⁵

I gcás nach féidir é sin a dhéanamh toisc nach bhfuil na hacmhainní riachtanacha lóistíochta agus teanga ar fáil, mholfadh na Comhchathaoirligh sliotáin mhalartacha. Is féidir cruinnithe breise a thionól arna iarraidh sin don Chathaoirleach i gcomhaontú le Comhchathaoirligh an Bhoird Feidhmiúcháin agus le comhpháirteanna uile na Meithle.

B. Áiritheoidh an Cathaoirleach go ndéanfar an t-am labhartha a dháileadh go cothrom ar gach comhpháirt den Mheitheal, lena n-áirítear na Saoránaigh.

V

A. Ullmhóidh an Chomhrúnaíocht taifead achomair de gach cruinniú den Mheitheal faoi threoir an Chathaoirligh agus i gcomhairle le Comhaltaí na Meithle. Cuirfear ar fáil é go cuí sa rannán Iomlánach den Ardán Digiteach Ilteangach.

B. Beidh tinreamh chruinnithe na Meithle teoranta dá gComhaltaí Iomlánacha Comhdhála faoi seach, dlúthchomhoibrí amháin in aghaidh an Chomhalta den Mheitheal agus foireann Chomhrúnaíocht na Comhdhála.

C. Is gá comhaontú a fháil ó thriúr Comhchathaoirleach na Comhdhála maidir le haon mhodhnú breise ar na téarmaí tagartha seo agus maidir le rialacha nua a chur leo.

⁵ Ní bheidh amanna na Meithleacha i gcomhthráth le díospóireachtaí an tseisiúin iomlánaigh ná le sosanna eatarthu.